


**Cuspóir an tsleamhnáin:**
An cur i láthair a thabhairt isteach agus na hacmhainní a theastaíonn chun é a éascú.

**Nótaí do mhúinteoirí:**
- Eagraigh na hacmhainní a theastaíonn chun cur i láthair a éascú
- Scrúdóidh an cur i láthair seo an snáithaonad Airgead i gcomhthéacs Chéim 2 (Rang a hAon agus Rang a Dó)

**Acmhainní a theastaíonn:**
- Curaclam Matamaitice na Bunscoile
- Gléas chun rochtain a fháil ar ábhair ar líne a ndéantar tagairt dóibh




**Cuspóir an tsleamhnáin**
Aird a tharraingt ar an snáithaonad 'Airgead' i gCuraclam Matamaitice na Bunscoile (CMB)

**Nótaí do mhúinteoirí:**
- Oscail leathanach 21 de Churaclam Matamaitice na Bunscoile.
- Tá trí shnáithaonad sa snáithe tomhais -Tomhais, Am agus Airgead.
- Ceanglaíonn tomhas matamaitic leis an saol mór
- Is féidir agus is riachtanach é a úsáid go díreach i ngnátheispéiris saoil agus is cleachtas lárnach é freisin in go leor áiteanna oibre

**Acmhainní a theastaíonn:**
Curaclam Matamaitice na Bunscoile

# Snáithaonad 'Tomhais'

## Dul Chun Cinn Thar na gCéimeanna

| Torthaí Foghlama don Snáithaonad 'Tomhais' | | | |
|---|---|---|---|
| Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | Céim 2: Rang a haon agus a dó | Céim 3: Rang a trí agus a ceathair | Céim 4: Rang a cúig agus a sé |
| *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann* | | | |
| feasacht ar airgead agus ar a úsáidí a fhorbait. | **luach an airgid a aithint** agus euro agus cent a úsáid i **réimse comhthéacsanna fiúntacha** | **eolas ar chóras bhonn** a deich san imhris a aistriú go dtí **comhthéacsanna airgeadaíochta**, agus a úsáid ar mhaithe leis an ríomh | tascanna praiticiúla a **réiteach** agus **a chur chun iniúchadgh** a dhéanamh ar **idirbhearta** agus **pleanan na airgeadais** chomh maith le breithiúnais fheasacha a thabhairt orthu |




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Iniúchadh a dhéanamh ar an dul chun cinn thar na céimeanna sa snáithaonad Airgead

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Tabhair faoi deara an dul chun cinn ar feadh na gcéimeanna
- Tabhair faoi deara conas a fhorbraítear teanga, eolas agus scileanna ó chéimeanna 1 go 4
- Tá eolas ar dhul chun cinn riachtanach ionas gur féidir linn ár dteagasc a oiriúnú agus a leathnú bunaithe ar an eolas atá againn ar na daltaí os ár gcomhair

# Toradh Foghlama
## Ullmhúchán Taifeadta

*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann*

**Luach an airgid a aithint agus euro agus cent a úsáid i réimse comhthéacsanna fiúntacha**







**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Aird a tharraingt ar an toradh foghlama mar thúsphointe ullmhúcháin don teagasc agus don fhoghlaim.

**Nótaí do mhúinteoirí:**
- Is é seo an toradh foghlama do Snáithaonad Tomhais Chéim 2– Airgead
- Tabhair faoi deara teanga na habairte nua – m.sh. 'spraíúil', 'tarraingteach'
- Bíonn torthaí foghlama leathan de nádúr. Agus tú ag obair le torthaí foghlama, tá sé úsáideach an toradh foghlama a bhriseadh síos ina réimsí fócais

# Toradh Foghlama
## Coincheapa Matamaitice

| | Céim 2 (Rang a hAon agus a Dó) |
|---|---|
| Torthaí Foghlama | luach an airgid a aithint agus euro agus cent a úsáid i réimse comhthéacsanna fiúntacha. |
| Coincheapa matamaiticiúla | Braitheann praghas an earra nó na seirbhíse ar a luach coibhneasta. |
| | Is féidir meascáin éagsúla de bhoinn agus/nó de nótaí a úsáid chun méid áirithe airgid a chur in iúl. |
| | Is féidir idirbhearta airgid a thaifeadadh mar uimhir-abairtí. |
| | Baintear úsáid as na comharthaí € (euro) agus c (cent) chun airgead a léiriú agus a thaifeadadh. |
| | Is féidir straitéisí éagsúla a úsáid chun briseadh/sóinseáil a ríomh in idirbheart. |

**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Aird a tharraingt ar na coincheapa Mata d'Airgead Chéim 2 agus feasacht ar shraith uirlisí Mhata CNCM

**Nótaí do mhúinteoirí:**
- Is iad coincheapa matamaitice na príomhsmaointe matamaiticiúla atá mar bhonn faoi gach toradh foghlama
- Tá coincheapa matamaitice úsáideach mar phointe iontrála/tagartha agus sinn ag ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim
- Oscail sraith uirlisí Mhata CNCM ar chluaisín ar leith (trí chód MF ar an sleamhnán)
- Tóg roinnt ama chun Torthaí Foghlama, Coincheapa Matamaitice agus Contanaim Dhul chun Cinn a aimsiú

# Comhaireamh

Comhaireamh ag úsáid cent, ar an 10 agus ar aghaidh.

Uimhreacha a thaifead in € agus c



Comhaireamh buicéid

Abairtí airgid a scríobh leis an gcomhaireamh




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
A léiriú gur bunchloch é an comhaireamh chun straitéisí matamaitice a fhorbairt.

Roinnt gníomhaíochtaí comhairimh in airgead a léiriú

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is é comhaireamh an bhunchloch le haghaidh ciall don uimhreas a fhorbairt.
- Tá sé tábhachtach solúbthacht daltaí a fhorbairt le comhaireamh.
- Is é an chéad chéim é i ríomh meabhrach.
- Is féidir bata comhairimh nó buicéad comhairimh a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí comhairimh le hairgead.
  - Bata Comhairimh: (Déanta sa bhaile nó Fíorúil)
    - Cuir an lipéad 0 ar cheann amháin den bhata agus €1 ar an gceann eile. Comhair in incrimintí 10 cent. Cá mbeadh 5c? Ansin meas cén suíomh ag a mbeadh 25c, 50c, 75c, srl.
    - Cuir lipéad €1 ar cheann amháin agus €2 ar an gceann eile. Comhair tríd agus meas suíomhanna éagsúla, ar nós €1.70.
  - Buicéad Comhairimh:
    - Tosaigh le 2c sa bhuicéad. Cuir 20c isteach. Fiafraigh, "Cé mhéad atá agam anois?“

- Iarr ar na daltaí abairt uimhreach a scríobh chun é sin a mheaitseáil? Sampla: 2c + ? = 22c → 2c + 20c.
- Tosaigh le 89c sa bhuicéad. Cuir boinn leis go dtí go bhfuil 99c agat. Fiafraigh, "An féidir leat abairt uimhreach a scríobh le meaitseáil leis sin?" Sampla: 89c + ? = 99c.
- D'fhéadfadh roinnt daltaí an t-iomlán a ríomh, agus d'fhéadfadh daltaí eile díriú ar an aguisín atá ar iarraidh a aimsiú.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Aird a tharraingt ar Phlab! mar eispéireas foghlama a chabhraíonn le ciall don uimhreas a fhorbairt

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is leagan de ghníomhaíochtaí plab! Steve Wyborney é seo
- Tá go leor gníomhaíochtaí plab a mbíonn leibhéal deacrachta iontu ar fáil le híoslódáil saor in aisce ar a láithreán gréasáin
- Tá cuid de na boinn i bhfolach faoin bplab. Is é 63c an méid iomlán airgid
- Áirítear iad seo i measc na gceisteanna a d'fhéadfá a chur: Cé mhéad airgid is féidir leat a fheiceáil? Cé mhéad airgid atá faoi bhun an phlab? Cad iad na boinn a d'fhéadfadh a bheith ann? Inis dom conas a chonaic tú iad?

**Acmhainní a theastaíonn:**
https://stevewyborney.com/2017/02/splat/




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Aird a tharraingt ar Phlab! mar eispéireas foghlama a chabhraíonn le h ciall don uimhreas a fhorbairt

**Nótaí do mhúinteoirí:**
- Is leagan de ghníomhaíochtaí plab! Steve Wyborney é seo
- Tá go leor gníomhaíochtaí plab a mbíonn leibhéal deacrachta iontu ar fáil le híoslódáil saor in aisce ar a láithreán gréasáin.
- Tá cuid de na boinn i bhfolach faoin bplab. Is é 63c an méid iomlán airgid
- Áirítear iad seo i measc na gceisteanna a d'fhéadfá a chur: Cé mhéad airgid is féidir leat a fheiceáil? Cé mhéad airgid atá faoi bhun an phlab?  Cad iad na boinn a d'fhéadfadh a bheith ann? Inis dom conas a chonaic tú iad?
- Nuair a bhíonn na daltaí eolach ar Phlab. Is féidir leat plab láithreach a dhéanamh nuair nach bhfeiceann siad na boinn go léir ag an tús. Tríd an dá cheist dheireanacha is féidir tochailt níos doimhne ar an tasc

**Acmhainní a theastaíonn:**
https://stevewyborney.com/2017/02/splat/

# Slánú







**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Eispéireas foghlama a thabhairt isteach le haghaidh uimhreacha a shlánú.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is straitéis é slánú chun airgead a ríomh
- Is iad seo roinnt de na Straitéisí chun briseadh a ríomh comhaireamh suas go dtí, comhaireamh síos go dtí, meastachán agus slánú

Clib Decuple (Wright, Ellemor-Collins agus Tabor, 2012)

- Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid chun cabhrú le droichead a dhéanamh thar 10 agus chun coincheap an tslánaithe a thabhairt isteach.
- Tabhair isteach an ghníomhaíocht seo trí úsáid a bhaint as an gcluiche leaisteanna mar chomparáid.
  - "Cé mhéad agaibh a d'imir leaisteanna? Is é seo an cluiche ina mbíonn duine 'sa tóir,' agus déanann siad iarracht leaist a chur ar dhuine eile ionas go mbeidh siadsan 'sa tóir'—cosúil le, 'Gafa, tusa atá sa tóir!'"
  - "I leaisteanna, is iondúil go mbíonn boinn shábháilte ann nuair nach féidir leaist a chur ort. Anois, samhlaigh go bhfuil muid ag imirt cé atá

sa tóir i bpáirc, agus is boinn iad na crainn go léir i sraith.“

- "Dá mbeinn i mo sheasamh idir an 9ú agus an 10ú crann agus má bhí 'an té sa tóir' ag éirí níos gaire, cén bonn a cheapfá a rithfinn chuige? Tá sin ceart, is dócha go rithfinn go dtí an crann is gaire, ag brath ar an áit a bhfuil 'an té atá sa tóir’."”

- Tá an smaoineamh seo maidir le rith go dtí an bonn is gaire cosúil le huimhreacha a shlánú go dtí an 10 is gaire.

**Tagairt:**

Developing Number Knowledge Wright, Ellemor-Collins& Tabor (2012) Ich. 126

# Slánú




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Eispéireas foghlama a thabhairt isteach le haghaidh uimhreacha a shlánú.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is straitéis é slánú chun airgead a ríomh
- Is iad seo roinnt de na straitéisí chun briseadh a ríomh comhaireamh suas go dtí, comhaireamh síos go dtí, meastachán agus slánú

Clib Decuple (Wright, Ellemor-Collins agus Tabor, 2012)

- Abraimis go bhfuil uimhreacha ar na crainn seo.
- Scríobh an uimhir *decuple* go seicheamhach le 10 ar an gcrann is lú agus 100 ar an gcrann is mó.
- Dá mbeinn anseo cad iad na boinn is sábháilte le rith chucu? (saighead) Sea, 70 nó 80 ag brath ar an áit a raibh "an té sa tóir"
- Cabhraíonn sé seo leis na daltaí an 10 is gaire a fheiceáil ar gach taobh den uimhir.

**Tagairt:**
Developing Number Knowledge Wright, Ellemor-Collins& Tabor (2012) lch. 126

## Slánú




| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 50 | 51 | 52 | 53 | 54 | 55 | 56 | 57 | 58 | 59 | 60 |

**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Eispéireas foghlama a thabhairt isteach le haghaidh uimhreacha a shlánú.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is straitéis é slánú chun airgead a ríomh
- Is iad seo roinnt de na straitéisí chun briseadh a ríomh comhaireamh suas go dtí, comhaireamh síos go dtí, meastachán agus slánú

Clib Decuple (Wright, Ellemor-Collins agus Tabor, 2012)

- Abraimis go bhfuil uimhreacha ar na crainn seo.
- Scríobh an uimhir *decuple* go seicheamhach le 10 ar an gcrann is lú agus 100 ar an gcrann is mó.
- Scríobh 53. Cá mbeinn i mo sheasamh dá mbeinn ag 53? Sea, idir 50 agus 60. Fiafraigh de na daltaí dá mbeinn anseo cén bonn is sábháilte ar fad? Cén fáth?
- Bain úsáid as an uimhirlíne chun a gcuid smaointe a phlé/dhearbhú faoi cén bonn is sábháilte agus cén fáth?
    - 50 toisc gurb é an bonn is gaire é.
- Téigh trí shamplaí éagsúla
- Tugtar slánú air sin. Is féidir linn uimhreacha a shlánú chun cabhrú linn

suimiú agus dealú.

**Tagairt:**

Developing Number Knowledge Wright, Ellemor-Collins& Tabor (2012) Ich. 126




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Eispéireas foghlama a thabhairt isteach le haghaidh uimhreacha a shlánú.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Cosúil le Decuple Tag ach le híomhá eile
- D'fhéadfadh sé seo a bheith úsáideach ar an gclár bán

# Slánú – Níos mó nó níos lú

## Níos mó nó níos lú

Tá €1 agat ar do chárta bainc. Bain úsáid as do scileanna meastacháin le breathnú ar na clibeanna praghais le socrú cé acu an mbeidh iomlán na méideanna níos mó nó níos lú ná €1.
Taispeáin do mheastachán trí thic a chur sa cholún is mó ná €1 nó níos lú ná €1.

| | | Níos mó ná €1 | Níos lú ná €1 | Áireamhán |
|---|---|---|---|---|
| 1. | 43c+43c | | | |
| 2. | 38c+67c | | | |
| 3. | 59c+44c | | | |
| 4. | 12c+66c | | | |
| 5. | 79c+14c | | | |




- Mínigh do do pháirtí conas a fuair tú do mheastacháin
- Anois, téigh ar ais agus seiceáil cé chomh gar agus a bhí do mheastacháin trí na teaglamaí a chur leis ag baint úsáide as áireamhán.
- Déan cuid de do chomhcheangail féin atá díreach faoi bhun nó díreach níos mó ná €1.

**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Eispéireas foghlama a thabhairt isteach le haghaidh uimhreacha a shlánú.

## Straitéisí




Cén chaoi a d'fhéadfadh muid an tasc seo a dhéanamh?

Céard atá ar eolas againn?

An féidir linn abairt uimhris a scríobh?

**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Straitéisí a thabhairt isteach chun briseadh a ríomh – comhaireamh suas go dtí, comhaireamh síos go dtí, meastachán, slánú

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is tasc ceannoscailte é tasc ina bhfuil réimse réitigh 'chearta' agus/nó réimse bealaí chun réiteach amháin nó níos mó a bhaint amach.
- Is bealach amháin é tascanna ceannoscailte a úsáid chun súgradh sa mhatamaitic a spreagadh.
- Tugann tascanna ceannoscailte, cosúil leis an tasc seo, deiseanna le haghaidh *fiosrúcháin, imscrúdaithe, dúshláin, cruthaitheachta, rogha agus neamhspleáchais.*
- Roinnfear samplaí eile de thascanna ceannoscailte le rannpháirtithe
- Gné lárnach de dhaltaí a bheith rannpháirteach i dtascanna ceannoscailte is ea an plé leantach a bhíonn ar siúl i ngrúpa beag nó i suíomh ranga iomlán.
- Má chuirtear an bhéim ar ghiniúint smaointe éagsúla, mothaíonn gach dalta go bhfuil ról éigin acu, agus, ina theannta sin, foghlaimíonn siad ó smaointe agus ó straitéisí a bpiaraí.
- Caithfidh gach dalta eolas ó thaithí ar airgead a fhorbairt chun é a

thuiscint.  Is féidir le gach dalta a gcuid freagraí a sheiceáil ag úsáid bonn.

- Is bealach amháin iad tascanna ceannoscailte chun soláthar a dhéanamh do thascanna atá dúshlánach go cognaíoch sa mhata.
- Agus tasc ceannoscailte á roghnú, faoi mar atá le tasc ar bith a roghnú, tá sé tábhachtach cuimhneamh ar an bpointe matamaiticiúil.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Aird a tharraingt ar an ilomad bealaí is féidir le daltaí briseadh a ríomh. Dealú, an difríocht a aimsiú ag baint úsáid as dealú, an difríocht a aimsiú ag baint úsáid as suimiú

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is samhail sheicheamhach í an uimhirlíne fholamh (ULF) a chabhróidh le daltaí straitéisí a fhorbairt don suimiú, dealú agus oibríochtaí eile.
- Seo a leanas roinnt straitéisí is féidir a úsáid leis an ULF:
    - Ag comhaireamh síos ó
    - Ag comhaireamh síos go dtí
    - Ag comhaireamh suas go dtí




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Taithí a fháil ar úsáid shamhlaíoch airgid

**Nótaí do Mhúinteoirí:**

- Taispeáin an bhialann
- Ní ghearrann siad táille ach ar bharráin. (Coinnigh na hiomláin thart ar €2)
- Iarr ar na daltaí labhairt faoin bpíotsa agus na barráin is fearr leo. Déan liosta de na barráin atá luaite.
- Ansin, iarr ar na daltaí na píotsaí is fearr leo a léiriú, ag lipéadú na mbarrán éagsúil atá roghnaithe acu. Fill ar an liosta barrán agus spreag na daltaí chun praghsanna a chur ar na barráin éagsúla.
- Iarr ar na daltaí costas iarbhír na mbarrán ar a bpíotsa a mheas agus a oibriú amach. Spreag iad chun a bpíotsa a mhalartú le cara agus costas an phíotsa sin a oibriú amach.
- Ceangail le codáin – cén costas a bheadh ar ½, ¼, srl?

# Geilleagar Beag







**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Taithí a fháil ar úsáid shamhlaíoch airgid

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is tionscadal solúbtha é an Miongheilleagar ar féidir le múinteoirí é a reáchtáil i rith na bliana nó ar feadh tréimhse níos giorra, ag brath ar na rudaí is fearr a oibríonn dá rang.
- <u>An chaoi a n-oibríonn sé:</u>
  - Tá post ag gach dalta ina n-íoctar iad in aghaidh na seachtaine, na coicíse nó na míosa.
  - I dtús báire, is féidir le daltaí smaoineamh ar phoist a chreideann siad a bheadh fiúntach don rang.
  - Luaitear pá le gach post, le hionchur ó na daltaí más mian leat.
  - Is féidir leis an tionscadal a bheith chomh mór nó chomh beag agus is gá. Is féidir le daltaí iarratas agus agallamh a dhéanamh ar phoist, nó is féidir róil a shannadh agus a athrú go rialta.
  - Tugann an tionscadal seo deiseanna do dhaltaí luach an airgid a aithint agus euro agus cent a úsáid i gcomhthéacsanna fiúntacha éagsúla.

    - Mianta seachas riachtanais a phlé – d'fhéadfadh siad cíos a íoc as a mbord agus as a gcathaoireacha, billí BSL
- Foghlaimíonn daltaí scileanna luachmhara saoil trí ghníomhaíochtaí ó thaithí, go háirithe:
    - Gníomhaíocht eacnamaíoch ón bhfíorshaol a ionsamhlú, taithí phraiticiúil a fháil.
    - Tuiscint a fháil ar an luach atá le seic pá a thuilleamh, cinneadh a dhéanamh cé acu a shábhálfaidh siad nó a chaithfidh siad a dteacht isteach.
    - Mianta seachas riachtanais a phlé, trí dhaltaí a bheith ag íoc "cíosa" as a mbord agus a gcathaoireacha nó billí BSL a chlúdach.
    - A fhoghlaim a thábhachtaí atá sé airgead shábháil chun a gcuid spriocanna a bhaint amach.
    - Naisc a dhéanamh le hábhair eile, amhail sonraí (m.sh., poist) agus codáin (m.sh., díolacháin i siopa, amhail díolachán Aoine Mhór na Siopadóireachta le 50% bainte).

## Tasc Oscailte

Cheannaigh Lola balún ag an sorcas.
D'íoc sí as le sé bhonn.
Cén costas a d'fhéadfadh a bheith ar an mbalún?



https://nrich.maths.org/186

**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Tasc ceannoscailte a thaispeáint inar féidir leis na daltaí straitéisí suimithe éagsúla a úsáid

**Nótaí do Mhúinteoirí:**

- Is tasc ceannoscailte é tasc ina bhfuil réimse réitigh 'chearta' agus/nó réimse bealaí chun réiteach amháin nó níos mó a bhaint amach.
- Is bealach amháin é tascanna ceannoscailte a úsáid chun súgradh sa mhatamaitic a spreagadh.
- Tugann tascanna ceannoscailte, cosúil leis an tasc seo, deiseanna le haghaidh fiosrúcháin, imscrúdaithe, dúshláin, cruthaitheachta, rogha agus neamhspleáchais.
- Roinnfear samplaí eile de thascanna ceannoscailte le rannpháirtithe
- Gné lárnach de dhaltaí a bheith rannpháirteach i dtascanna ceannoscailte is ea an plé leantach a bhíonn ar siúl i ngrúpa beag nó i suíomh ranga iomlán.
- Má chuirtear an bhéim ar ghiniúint smaointe éagsúla, mothaíonn gach dalta go bhfuil ról éigin acu, agus, ina theannta sin, foghlaimíonn siad ó smaointe agus ó straitéisí a bpiaraí.
- Is bealach amháin iad tascanna ceannoscailte chun soláthar a dhéanamh

do thascanna atá dúshlánach go cognaíoch sa mhata.

- Agus tasc ceannoscailte á roghnú, faoi mar atá le tasc ar bith a roghnú, tá sé tábhachtach cuimhneamh ar an bpointe matamaiticiúil.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Tasc ceannoscailte a thaispeáint inar féidir leis na daltaí straitéisí suimithe éagsúla a úsáid

**Nótaí do Mhúinteoirí:**

- Is tasc ceannoscailte é tasc ina bhfuil réimse réitigh 'chearta' agus/nó réimse bealaí chun réiteach amháin nó níos mó a bhaint amach.
- Is bealach amháin é tascanna ceannoscailte a úsáid chun súgradh sa mhatamaitic a spreagadh.
- Tugann tascanna ceannoscailte, cosúil leis an tasc seo, deiseanna le haghaidh fiosrúcháin, imscrúdaithe, dúshláin, cruthaitheachta, rogha agus neamhspleáchais.
- Roinnfear samplaí eile de thascanna ceannoscailte le rannpháirtithe
- Gné lárnach de dhaltaí a bheith rannpháirteach i dtascanna ceannoscailte is ea an plé leantach a bhíonn ar siúl i ngrúpa beag nó i suíomh ranga iomlán.
- Má chuirtear an bhéim ar ghiniúint smaointe éagsúla, mothaíonn gach dalta go bhfuil ról éigin acu, agus, ina theannta sin, foghlaimíonn siad ó smaointe agus ó straitéisí a bpiaraí.
- Is bealach amháin iad tascanna ceannoscailte chun soláthar a dhéanamh

do thascanna atá dúshlánach go cognaíoch sa mhata.

- Agus tasc ceannoscailte á roghnú, faoi mar atá le tasc ar bith a roghnú, tá sé tábhachtach cuimhneamh ar an bpointe matamaiticiúil.

# Cluiche na mBonn

Acmhainní:

- Bailiúchán de na boinn 10c, 20c, 50c, €1 agus €2
- Cluiche boird ag gach beirt/ grúpa
- Dísle




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
A thaispeáint gur féidir méideanna socraithe airgid a léiriú le boinn éagsúla trí eispéireas foghlama spraíúil agus tarraingteach.

**Nótaí do mhúinteoirí:**
- Foghlaimeoidh daltaí gur féidir boinn éagsúla (10c, 20c, 50c, €1, agus €2) a léiriú agus iad ag cleachtadh boinn a mhalartú trí chluiche.
  <u>Ábhair a theastaíonn:</u>
- Bailiúchán bonn (10c, 20c, 50c, €1, agus €2), Clár cluiche (ceann in aghaidh na beirte/grúpa), Dísle
  <u>Conas a Imirt:</u>
- Bailíonn na himreoirí 10c gach uair a thuirlingíonn siad ar aghaidh shona.
- Má thuirlingíonn siad ar aghaidh bhrónach, caithfidh siad 10c a thabhairt ar ais.
- Malartaíonn imreoirí a gcuid bonn 10c ag an "mbanc" ar bhoinn níos mó (20c, 50c, €1, €2).
- Leanann an cluiche ar aghaidh go dtí go mbailíonn imreoir amháin gach cineál boinn: 20c, 50c, €1, agus €2.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
A thaispeáint gur féidir méideanna socraithe airgid a léiriú le boinn éagsúla trí eispéireas foghlama spraíúil agus tarraingteach.

**Nótaí do Mhúinteoirí:**

- Beidh dísle, páipéar agus peann luaidhe ag teastáil ó gach péire nó gach grúpa.
- Is é cuspóir an chluiche a bheith ar an gcéad duine a dhéanfaidh €1 go cruinn.
- Glacann na himreoirí sealanna ag rolladh an dísle.
- Tar éis dóibh rolladh, is féidir leo a roghnú:
- An luach a thógáil a thaispeántar ar an dísle (m.sh., 3c), é sin, nó
- Deich n-uaire an luacha a thógáil (m.sh., 30c).
- Leanann na himreoirí orthu ag cur a gcuid scór leis go dtí go sroicheann duine acu €1 go beacht.

<u>Rogha Mhalartach:</u>

- Is féidir le himreoirí tosú ag €1 agus a gcuid scór a dhealú chun a fháil amach cé atá in ann 0 a bhaint amach ar dtús.
- De réir mar a fhorbraíonn tuiscint na ndaltaí, is féidir an cluiche a leathnú go €2.

# Tacar Uirlisí CNCM

Moltaí maidir le príomhtheanga d'airgead.

Ní bhaineann an foclóir go sonrach le haon chéim ar leith.

Tá bloic/brící bána ann do mhúinteoirí chun níos mó foclóra a chur leis. m.sh. buail, iasacht & rl.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Roinnt Tacaíochtaí CNCM atá ar fáil a thaispeáint

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Moltaí airgid i gcomhair príomhtheanga ó ábhair thacaíochta Shraith Uirlisí Mhata CNCM
- Ní bhaineann an foclóir go sonrach le haon chéim ar leith.
- Tá bloic/brící bána ann do mhúinteoirí chun níos mó foclóra a chur leis m.sh. tapáil, iasacht srl.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Leideanna athmhachnaimh a chur ar fáil do rannpháirtithe le húsáid ina rang féin.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Tá dialanna úsáideach do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí araon chun dearcthaí, eolas agus scileanna a mheas.
- Is féidir le páistí súil a choinneáil sa dialann ar a gcuid smaointeoireachta agus ar a dtuiscint.
- Is féidir tuairimí ginearálta faoin Mata a bheith i ndialanna nó is féidir leo a bheith níos sainiúla agus díriú ar choincheap ar leith.